



C/2026/20

16.1.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip

(tústuairim)

(C/2026/20)

Rapóirtéir: **Mira-Maria DANISMAN**

Comhairleoir	Tellervo KYLÄ-HARAKKA-RUONALA (thar ceann an rapóirtóra)
Comhairliúchán	Uachtaránacht na Danmhairge ar an gComhairle, 7.2.2025
Bunús dlí	Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	2.9.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	599
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	96/0/1

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Sa tuairim seo ó CESE, arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, déantar meastóireacht ar thimpeallacht oibriúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta an Aontais agus do ghnólachtaí an Aontais atá ag méadú, leagtar béim ar na bearta is gá chun na dúshláin atá rompu a shárú agus chun leas a bhaint as a bhfuil de dheiseanna ann; ina theannta sin, tugtar aiseolas inti faoi Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú ⁽¹⁾ a ghlac an Coimisiún Eorpach le déanaí.

1.2. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil rath gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú ag brath ar rochtain iomaíoch ar acmhainní agus ar mhargaí táirgí, sin agus ar thimpeallacht thacúil rialála agus fhioscach don nuálaíocht, don infheistíocht agus don trádáil. Is díol sásaimh dó straitéis an Choimisiúin i ndáil leis sin, lena n-áirítear sainmhínte comhchoiteanna a thabhairt isteach, ach cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun fiontraíocht agus forbairt gnó a chur chun cinn ar bhonn níos leithne. Ina theannta sin, measann CESE gur gá dearcadh an mhéadaithe a ionchorprú i ngach tionscnamh beartais agus rialála a bhaineann le gnó.

1.3. Cuireann CESE i bhfáth gur gá do mhargadh aonair an Aontais a bheith ag feidhmiú mar ba cheart má tá fás agus uas-scálú le déanamh ag na gnólachtaí agus má tá éiceachóras dinimiciúil le teacht chun cinn ó thaobh gnólachtaí nuathionscanta de. Tá géarghá le beart a dhéanamh chun deireadh a chur leis na bacainní rialála atá fós ar shaoirsí an mhargaidh aonair agus chun rialacha an mhargaidh aonair mar atá cheana féin a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

1.4. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá prionsabal na rialála níos fearr, faoi threoir measúnuithe tionchair críochnúla lena gcuimhdáítear slabhraí luacha iomlána maille le gach céim den phróiseas reachtach. I ndáil leis sin, tá sé ag iarraidh go ndéanfaí tástáil struis um an nuálaíocht agus seiceáil iomaíochais a chur chun feidhme go cuí chomh maith le hobair leantach ar an méid sin.

1.5. Molann CESE an creat rialála a shimpliú agus na próisis riaracháin a chuíchóiriú agus caighdeáin shóisialta, chomhshaoil agus rialachais á gcoimeád ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin an inbhuanaitheacht fhoriomlán eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn. Is toisc thábhachtach iad na boscaí gainimh rialála chun dlús a chur le glacadh táirgí agus teicneolaíochtaí nuálacha sa mhargadh.

⁽¹⁾ COM(2025) 270 final.

1.6. Tá ríthábhachtach leis an gcistiú príobháideach agus poiblí araon maidir le feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú do ghnólaigh nuathionscanta agus do ghnólaigh atá ag méadú. Ba cheart do chistí an Aontais an infheistíocht phríobháideach a ghíaráil agus an riosca a bhaineann léi a laghdú. Cuireann CESE i bhfáth gur gá réitigh a aimsiú gan mhoill chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais airgeadais, ó thús deireadh an tslabhra infheistíochta, atá ag na gnólaigh atá ag méadú, is é sin le rá nach féidir fanacht leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile

1.7. Chun meon fiontraíochta níos láidre a chothú ar fud na hEorpa agus chun an stiogma a bhaineann le cliseadh gnó a laghdú, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú críochnúil chun bacainní reachtacha agus neamhreachacha araon a shainaithint agus a bhaint, bacainní a chuireann laicis ar fhiontraíthe an dara deis a thabú tar éis cliseadh gnó.

1.8. Tá CESE ag iarraidh freisin go ndéanfaí meastóireacht ar an gcaoi ar féidir feabhas a chur ar na coinníollacha cánach do ghnólaigh nuathionscanta agus do ghnólaigh atá ag méadú, lena n-áirítear staidéar a dhéanamh ar dhea-chleachtais sna Ballstáit agus anailís chomparáideach ar an gcaoi a gcaitear le cothromas gnólaigh nuathionscanta sna Stáit Aontaithe agus i ngeilleagair iomaíocha eile.

1.9. Teastaíonn iarrachtaí láidre chun scileanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) a neartú agus chun inniúlachtaí agus scileanna fiontraíochta a chomhtháthú i ngach leibhéal oideachais. Is innmholtáir dar le CESE cur le dinimiceas mhargadh an tsaothair, feabhas a chur ar shoghluasteacht trasteorann lucht tallainne laistigh den Aontas, agus nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú d'oibrithe ardoilte agus do bhunaitheoirí gnólaigh nuathionscanta agus fiontraíthe ó áiteanna atá lasmuigh den Aontas.

1.10. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag gnólaigh nuathionscanta ar bhonneagar ardleibhéil taighde agus teicneolaíochta, lena n-áirítear ard-bhonneagar digiteach amhail sár-ríomhairí agus monarchana IS. Éilíonn CESE freisin tacaíocht shaincheaptha a thabhairt d'fhiontair nua chun cabhrú leo a dtáirgí a thráchtáil agus iarrachtaí spriocdhírthe a dhéanamh chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar éiceachórais ghnó agus ar dheiseanna comhair. Cuireann CESE i bhfios go láidir freisin gur réamhriachtanais bhunúsacha iad rochtain rianúil a fháil ar mhargáí inmheánacha agus idirnáisiúnta chun gur féidir gnólaigh a mhéadú.

1.11. Éilíonn CESE príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt ar bhonn céimnithe, chun faireachán a bheadh ní ba chuimsithe agus a bheadh dírithe ní ba mhó ar na torthaí a éascú maidir le gníomhaíochtaí na ngnólaigh nuathionscanta agus na ngnólaigh atá ag méadú agus chun socrú spriocanna ní ba shonraí a éascú.

2. Cúlra agus raon feidhme

2.1. Sa tástuairim seo, arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Danmhairge ar an gComhairle, scrúdaítear ról na ngnólaigh nuathionscanta agus na ngnólaigh atá ag méadú i ngeilleagar an Aontais agus tugtar barúlacha i dtaca le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólaigh Nuathionscanta agus Gníomhaíochtaí atá ag Méadú a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach le linn don tuairim seo a bheith á hullmhú.

2.2. Ní ann fós do shainmhíniú dlíthiúil uile-Aontais ar an rud is gnólacht nuathionscanta ná gnólacht atá ag méadú ann; mar sin féin, is iondúil gurb éard atá i gceist le 'gnólacht nuathionscanta' cuideacht óg nuálach a bhfuil sé d'aidhm aige fás tapa a dhéanamh, atá dírithe go mór ar an nuálaíocht agus a bhíonn ag brath, go minic, ar an gcaipiteal cothromais agus an caipiteal fiontair. Os a choinne sin, is éard atá i gceist le gnólaigh atá ag méadú ná fiontair atá i ndiaidh bogadh níos faide ná an chéim tosaigh agus a bhfuil fás suntasach fúthu. De réir an Choimisiúin, sainmhínítear gnólaigh atá ag méadú mar fhiontair a bhfuil meánfhás bliantúlaithe fúthu is mó ná 20 % in aghaidh na bliana in imeacht 3 bliana, arna thomhas de réir líon na bhfostaithe nó de réir láimhdeachais^(*).

2.3. Tá ról ríthábhachtach sa gheilleagar ag na gnólaigh nuathionscanta agus na gnólaigh atá ag méadú ó cuireann siad leis an nuálaíocht, leis an táirgiúlacht agus leis an bhfás. Cé go bhfuil neart buanna ag gnólaigh nuathionscanta agus gnólaigh Eorpacha atá ag méadú, go háirithe i dteicneolaíocht an airgeadais, san intleacht shaorga (IS), agus i dteicneolaíochtaí atá dírithe ar an inbhuanaitheacht, tá roinnt dúshlán rompu freisin a d'fhéadfadh buille na tubaiste a bhualadh ar a gcumas uas-scálú a dhéanamh agus fanacht san Aontas. Is éard is aidhm do straitéis an Choimisiúin a chur ar a gcumas cruthú go maith san Aontas agus bacainní an mhargaidh aonair a sháru, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an airgeadas, an timpeallacht rialála, an tallann, an bhonneagar agus an glacadh sa mhargadh.

3. Barúlacha ginearálta

3.1. Bíonn rath na ngnólaigh nuathionscanta agus na ngnólaigh atá ag méadú ag brath ar na réamhchoinníollacha céanna ar a mbraitheann rath aon ghnó eile, i.e. rochtain iomaíoch ar acmhainní agus ar mhargáí táirgí, timpeallacht rialála agus fhioscach atá fabhrach don nuálaíocht, don infheistíocht agus don trádáil, agus sochaí a bhfuil cothú na fiontraíochta chun tosaigh inti.

^(*) *Scaleups drive innovation*, 2021 [Cuireann gnólaigh atá ag méadú dlús leis an nuálaíocht, 2021] <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/e5c32110-0f85-11ec-9151-01aa75ed71a1>.

3.2. Molann CESE an Coimisiún as an straitéis atá curtha le chéile aige, straitéis ina n-ionchorpraítear go leor de na smaointe a chuirtear i láthair sa tuairim. Creideann CESE go seolann an straitéis an tAontas ar bhealach a leasa i dtreo gur féidir leis feabhas a chur ar thimpeallacht na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú san Eoraip. Tá sé tábhachtach, áfach, gan gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a chur san áireamh gan beann ar ghnólachtaí eile: is dlúthchuid de na héiceachórais ghnó agus na slabhraí luacha iad.

3.3. Siúd is go bhfuil ról ríthábhachtach sa gheilleagar ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag gnólachtaí atá ag méadú, is gá don Aontas freisin rath fiontar de gach cineál a chur chun cinn. Tugann CESE dá aire freisin nach fiontar ardfháis gach fiontar ardteicneolaíochta, agus go bhfuil gá le gníomh trasearnála ⁽³⁾. I bhfianaise bearna na táirgiúlachta a bheith ag dul i méid idir FBManna agus fiontair mhóra san Eoraip, tá gá le bearta leathana chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht na FBManna uile ⁽⁴⁾. Ba cheart dícheall faoi leith a dhéanamh freisin chun cur le héagsúlacht na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú, go háirithe ó thaobh aoiseanna na bhfiontraithe de agus ó thaobh na mbanfhiontraithe de.

3.4. Chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta, tá gnólachtaí ath-nuathionscanta ann, rud a thagraíonn do ghnólachtaí atá ann cheana agus a aistrítear chuig úinéirí nua. Is minic a bhíonn rátaí fáis níos airde ag na gnólachtaí aistrithe sin i gcomparáid le gnólachtaí eile atá ann cheana, agus, dá thoradh sin, cruthaíonn siad níos fearr, ar bhonn rialta, ná na gnáthghnólachtaí nuathionscanta maidir le ráta marthanais, ioncam, brabúsacht, nuálaíocht, agus poist a chruthú.

3.5. Tá CESE i bhfabhar Scórchlár Eorpach um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú a bhunú chun feidhmíocht na n-éiceachóras a rianú. Is túsphointe maith é rianú a dhéanamh ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta, na gceintear agus na n-aonbheannach ach, ag céim níos déanaí, ba cheart don Aontas sraith de phríomhtháscairí feidhmíochta atá níos cuimsithí agus níos dírithe ar thorthaí a fhorbairt, ar a n-áirítear méadrachtaí amhail rátaí marthanais do ghnólachtaí nuathionscanta, rátaí fáis do ghnólachtaí atá ag méadú, agus infhaighteacht caipitil fiontair, chun gur féidir measúnú níos doimhne a dhéanamh ar chainníocht agus ar cháilíocht na gníomhaíochta fiontraíochta san Eoraip. A bhuí leis na príomhtháscairí feidhmíochta, bheifí in ann spriocanna ní ba shonraí agus ní ba chainníochtúla a shocrú.

4. Timpeallacht rialála thacúil

4.1. Ós rud é go rangaítear an chuid is mó de na gnólachtaí nuathionscanta ina bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), cuirtear san áireamh freisin sa tuairim seo saincheistean atá ábhartha ó thaobh níos leithne na FBManna de. Cé go bhfuil saintréithe ar leith ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag gnólachtaí atá ag méadú, go háirithe maidir lena gconairí fáis agus lena bhfócas nuálaíochta, is mar a chéile an dá shaghas gnólachta sa mhéid gur gá leo araon timpeallacht rialála chumasúcháin, intuatha agus spreagúil, faoi mar is gá sin freisin do FBManna traidisiúnta nach bhfuil ag iarraidh uas-scálú tapa láidir a bhaint amach.

4.2. Measann CESE gur gá peirspictíocht an mhéadaithe a ionchorprú i ngach tionscnamh beartais agus rialála a bhaineann le gnó, chomh maith leis an straitéis shonrach maidir le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Tá feidhm aige sin maidir le tionscnaimh atá ann cheana a chur chun feidhme agus maidir le haon tionscnaimh a bheidh ann feasta a fhorbairt.

4.3. Tá margadh aonair AE a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach d'fhás fhiontair an Aontais agus d'éiceachóras dinimiciúil le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun deireadh a chur leis na bacainní rialála atá ar shaorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil, agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá ar acmhainní agus ar ghlacadh na dtáirgí sa mhargadh. Tá sé ríthábhachtach rialacha na mhargaidh aonair atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr chun ilroinnt a chosc agus chun iomaíocht chóir a áirithiú. Thairis sin, tá ról lárnach ag an gcaighdeánú maidir le gníomhaíochtaí trasteorann a éascú.

4.4. Má thugtar isteach 'an 28ú córas', rud a mholtar i straitéis an Choimisiúin, éascóidh sé sin an t-uas-scálú sa mhargadh aonair freisin. Ba cheart tús a chur leis trí bhíthin céim phíolótach. Agus oibriú trasteorann na bhfiontar á éascú a bhuí le rialacha uile-Aontais, ba cheart don chóras seo, i gcomhréir le roinnt na n-inniúlachtaí, a áirithiú go dtabharfaí aird ar na caighdeáin saothair, an t-idirphlé sóisialta iomchuí san áireamh.

4.5. Ba cheart do phrionsabal na rialála níos fearr, arna thacú ag measúnuithe tionchair críochnúla ar fud na slabhraí luacha agus ag na céimeanna reachtacha uile, obair rialála uile an Aontais a threorú. Leagann CESE béim ar na tuairimí a d'eisigh sé roimhe seo maidir le tástáil struis um an nuálaíocht ⁽⁵⁾ agus seiceáil iomaíochais ⁽⁶⁾, agus impíonn sé ar na comhreachtóirí na huirlisí sin a chur chun feidhme ina n-íomláine.

⁽³⁾ IO C 288, 31.8.2017, lch. 20.

⁽⁴⁾ Annual Report on European SMEs 2023/2024.

⁽⁵⁾ IO C, C/2024/2098, 26.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/2098/oj>.

⁽⁶⁾ IO C 100, 16.3.2023, lch. 76.

4.6. Rialacháin a shimpliú agus an t-ualach maorlathach a laghdú, gan caighdeán shóisialta, chomhshaoil ná rialachais a chur i mbaol, tá sé sin ríthábhachtach má táthar chun an inbhuanaitheacht fhoriomlán eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn. Is éard is aidhm do phacáistí ‘omnibus’ an Choimisiúin na costais riaracháin a laghdú trí bhíthin bearta tiomnaithe maidir le FBManna. EUR 150 billiún in aghaidh na bliana is luach do na costais sin de réir dealraimh ⁽⁷⁾.

4.7. Tá gá le boscaí gainimh rialála chun go mbeidh gnólaigh nuathionscanta in ann a dtáirgí a thástáil agus dlús a chur le glacadh nuálaíochtaí ar an margadh. Is díol sásaimh do CESE an plean atá ag an gCoimisiún sainmhíniú coiteann dlíthiúil ar an gcoincheap a shocrú. Ba ríthábhachtach freisin nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus riaracháin a shimpliú agus dlús a chur leo trí bhíthin na digiteála, agus an trédhearcacht á háiritheú ag an am céanna. An Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa agus Córas na bPaitinní Aonadacha, ba cheart iad sin a chur chun feidhme ina n-iomláine chun ualaí riaracháin a laghdú.

5. Rochtain ar airgeadas a éascú

5.1. Leagann CESE béim ar an dúshlán méadaitheach atá roimh FBManna na hEorpa maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniúchán. De réir an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), tá bainc an limistéir euro i ndiaidh rochtain níos doichte a chur i bhfeidhm ar chreidmheas corparáideach mar gheall ar rioscaí eacnamaíocha méadaithe ⁽⁸⁾. Bíonn deacrachtaí ag cuid de na fiontraithe agus na micrea-FBManna rochtain a fháil ar sheirbhísí bunúsacha baincéireachta, amhail cuntais. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin chun tacú le fás gnó agus le huas-scálú san Eoraip.

5.2. Tá an rochtain ar mhaoiniú fós ina bac mór ar ghnólaigh Eorpacha atá ag méadú, agus tá cistí caipitil fiontair fós i bhfad níos lú ná mar atá sna Stáit Aontaithe. Tacaíonn CESE leis an iarraidh a rinneadh i dtuarascáil an Uasail Draghi ⁽⁹⁾ éiceachóras maoiniúcháin na hEorpa a neartú, ó infheisteoirí aingil go margaí caipitil ar fud an Aontais, sin agus stocmhargaí feabhsaithe le haghaidh tairiscintí tosaigh don phobal. Caithfeadh an rochtain ar mhaoiniúchán a áirithiú ó thús deireadh an tslabhra infheistíochta, ón taighde agus an fhorbairt go leathnú agus idirnáisiúnú an mhargaidh. D'fhéadfadh an 28ú córas dlí cabhrú freisin le cistí caipitil fiontair níos mó a thógáil.

5.3. Tá cistiú príobháideach agus poiblí araon tábhachtach chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú. Le cistí an Aontais, mar shampla an Ciste Iomaíochais atá ar na bacáin, ba cheart infheistíocht phríobháideach i ghnólaigh nuathionscanta agus i ghnólaigh atá ag méadú a ghairiú agus a dhí-rioscú, bíodh sin ar bhonn díreach nó trí chistí caipitil fiontair. Tá géarghá, áfach, le gníomh a dhéanamh – Ciste um Eoraip na nGnólaigh atá ag Méadú a chur ar bun, cuir i gcás – chun freastal a dhéanamh ar riachtanais airgeadais na ngnólaigh atá ag méadú in áit a bheith ag fanacht le CAI nua. Má táthar chun teicneolaíocht dhomhain agus cheannródaíoch a fhorbairt, beidh gá le cur chuige an-fhoighneach agus diongbháilte, ós rud é go bhféadfadh sé gur san fhadtéarma amháin a bhainfí na gnóthachain airgeadais amach. Tá ríthábhacht freisin le ráthaíochtaí iomchuí le haghaidh gníomhaíochtaí ardriosca.

5.4. Tá CESE ag tathant ar an Aontas féachaint ar bhearta cánachais a thacaíonn ar bhealach níos fearr le ghnólaigh nuathionscanta. Is féidir le tréimhsí ama diana chun caillteanais a asbhaint ó bhrabúis bac a chur ar ghnólaigh nuathionscanta óir is minic a bhíonn tamall fada ag teastáil uathu sula mbíonn siad brabúsach. Ba cheart don chánachas caipitil fiontraithe nuathionscanta agus aingil ghnó a spreagadh freisin. Cé gur inniúlacht náisiúnta é an cánachas, b'úsáideach an mhaise tabhairt faoi staidéar uile-Aontais ina ndéanfaí comparáid idir cleachtais agus ina ndéanfaí measúnú ar thionchar chóireáil fhabhrach chóras na Stáit Aontaithe i leith cothromaíochtaí ghnólaigh nuathionscanta i gcás ina mbíonn ghnólaigh nuathionscanta ag athlonnú, ar leibhéal na bhfostaithe agus ar leibhéal na gcuideachtaí araon.

5.5. Chun éiceachóras rathúil do ghnólaigh nuathionscanta a thógáil, ba cheart don Aontas úsáid a bhaint as dea-chleachtais sna Ballstáit agus deireadh a chur leis an stiogma a bhaineann le féimheacht, feabhas a chur ar an rochtain atá ag fiontraithe ar an dara seans agus an cliseadh a iompú chun leasa ag an gcéad chéim eile. D'iarr CESE ar an gCoimisiún roimhe seo measúnú a dhéanamh ar bhacainní reachtacha agus neamhreachtacha araon sna Ballstáit a chuireann cosc ar fiontraithe Eorpacha an dara seans a fháil ⁽¹⁰⁾.

5.6. Déantar ghnólaigh nuathionscanta a cheannach chun críoch fáis nó nuálaíochta, ach táthar ann freisin a dhéanann ‘éadail mharfach’ chun stop a chur le nuálaíocht agus chun bac a chur ar an iomaíocht. Tá gá le beartas iomaíochta cothrom chun comhdhlúthú frithiomaíoch a chosc agus, ag an am céanna, tacú leis an nuálaíocht, leis an scálú agus leis an iomaíochas domhanda.

⁽⁷⁾ COM(2025) 47 final.

⁽⁸⁾ *The Euro Area Bank Lending Survey – First Quarter of 2025* [An Suirbhé ar Iasachtú Bainc sa Limistéar Euro – An Chéad Ráithe de 2025].

⁽⁹⁾ *The future of European competitiveness – A competitiveness strategy for Europe* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Straitéis iomaíochais don Eoraip], 2024.

⁽¹⁰⁾ IO C, C/2024/869, 6.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/869/oj>.

6. Rochtain níos éasca ar thallann

6.1. Tá sé tuairiscithe ag thart ar thrí cinn as gach ceithre FBM Eorpacha ⁽¹⁾ go bhfuil ganntanas scileanna rompu le haghaidh ról poist amháin ar a laghad ina gcuideachta agus go mbíonn sé dúshlánach dóibh oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu a earcú. Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí ag níos mó ná leath de na FBManna a n-oibrithe oile a choinneáil. Bíonn tionchar ar leith ag na ganntanais sin ar ghnólachtaí nuathionscanta, in ainneoin iad a bheith ar thús cadhnaíochta go minic sa nuálaíocht. Os rud é gur tréith de chuid na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú í an fhorbairt fhíorthapa, is minic nach ann don dinimiceas leordhóthanach i margaí saothair na hEorpa chun cos a choinneáil leis an dul chun cinn sin, rud a chuireann bac ar na fiontair nuálacha na daoine cumasacha a theastaíonn chun uas-scálú a dhéanamh a mhealladh.

6.2. Tá sé rithábachtach leibhéil fhoriomlána an oideachais a ardú agus tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta a bhíonn ag brath go minic ar theicneolaíochtaí agus ar choincheapa atá go hiomlán nua agus nuálach, sin agus an rochtain ar oibrithe ardoilte. Ní mór iarrachtaí a dhíriú ar scileanna ETIM a fheabhsú, agus is céim dhearfach chuige sin Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM. Tá sé rithábachtach fiontraithe a thiocfaidh chun cinn san am atá romhainn a chumhachtú tríd an oideachas ar mhaithe le fás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú; mar sin féin, ní bhíonn rochtain ach ag faoi bhun 50 % de mhic léinn an Aontais ar fhoghlaim fiontraíochta. Ba cheart do na Ballstáit inniúlachtaí agus scileanna fiontraíochta a chomhtháthú ag gach leibhéal den oideachas.

6.3. Bealach amháin chun tallann a mhealladh agus a choimeád is ea leas a bhaint as féidearthachtaí solúbtha cúitimh. Is féidir le scair-roghanna d'fhostaithe a bheith ina modh ábhartha do ghnólachtaí nuathionscanta, ó thaobh fostaithe agus bunaitheoirí araon de. Is féidir le huirliisí níos traidisiúnta amhail bónaís agus peorcaisí neamhairgeadaíochta nó airgeadaíochta rannchuidiú freisin le daoine oile a mhealladh.

6.4. Tá sé rithábachtach an tsoghluaisteacht trasteorann a fheabhsú chun dul i ngleic leis an nganntanas tallainne san Aontas. Dá ndéanfaí na próisis a chuichóiriú d'oibrithe ardoilte agus do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe nach den Aontas iad, ba chuidiú é sin le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair earnálacha criticiúla amhail an intleacht shaorga, forbairt bogearraí agus an innealtóireacht, agus chuirfí borradh faoin bhfiontraíocht san Eoraip san am céanna. Le víosaí meara d'fhostaithe agus fiontraithe na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú, agus trí nósanna imeachta um cheadanna a shimpliú, d'áiríteofaí gur féidir le gnólachtaí an tallann a theastaíonn uathu a mhealladh agus a choimeád gan moilleanna maorlathacha a tharraingt orthu féin. Céim sa treo ceart is ea Straitéis an Aontais Eorpaigh um Beartas Víosaí atá beartaithe ag an gCoimisiún.

6.5. Is minic a bhíonn gnólachtaí nuathionscanta an-nuálach ag brath go mór ar dhaoine a bhfuil ardcháilíochtaí acadúla acu, amhail taighdeoirí, céimithe dochtúireachta, agus mic léinn PhD, go háirithe i réimsí na teicneolaíochta doimhne, na teicneolaíochta sláinte agus na hard-innealtóireachta. Léiríonn sé sin an gá atá le naisc láidre a chothú idir institiúidí taighde agus éiceachórais fiontraíochta.

6.6. Is príomhbhealach é an comhar idirnáisiúnta i gcláir taighde ardleibhéil chun tallann dhomhanda a mhealladh agus éiceachórais taighde agus nuálaíochta na hEorpa a neartú. Is díol sásaimh do CESE an tionscnamh 'Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht' a seoladh le déanaí, arb é is aidhm dó na taighdeoirí idirnáisiúnta is fearr a mhealladh trí bhithin an chistiúcháin fhadtéarmaigh agus dálaí taighde feabhsaithe.

7. Dálaí níos fearr don nuálaíocht agus don ghlacadh sa mhargadh

7.1. Tá infheistíocht i réimse an taighde agus na forbartha (T&F) rithábachtach do ghnólachtaí nuathionscanta, toisc gur minic a bhíonn siad ar thús cadhnaíochta maidir le heolas, scileanna agus samhlacha nua gnó a ghiniúint. Dá bhrí sin, tá cistiú leordhóthanach ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta araon rithábachtach chun tacú leis an éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta agus chun fás atá bunaithe ar an nuálaíocht a chothú. Má táthar chun an nuálaíocht cheannródaíoch agus forbairt na ngnólachtaí nuathionscanta ardeicneolaíochta a spreagadh i ndáiríre, agus má táthar chun an ceann is fearr a fháil ar gheilleagair eile, ba cheart don Aontas méadú suntasach a dhéanamh ar an infheistíocht in T&F.

7.2. Is minic a ghineann taighde acadúil eolas agus teicneolaíochtaí ceannródaíocha ach, in éagmais naisc láidre leis an earnáil phríobháideach, tá go leor de na forbairtí sin tearcúsáidte go fóill. Is féidir le gorranna agus gnólachtaí ollscoile, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, cuidiú le taighde a aistriú go feidhmeanna fíorshaoil, rud a chruthaíonn táirgí, seirbhísí agus próisis lena dtugtar aghaidh ar go leor cineálacha riachtanas sochaíoch, amhail riachtanais sláinte, slándála agus chomhshaoil. Cabhraíonn an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht leis an méid sin trí chomhpháirtíochtaí a éascú idir gníomhaithe éagsúla ó cheann ceann na hEorpa.

⁽¹⁾ Flais-Eorabharaiméadar 537: FBManna agus Ganntanas Scileanna, Samhain 2023.

7.3. Agus an Limistéar Eorpach Taighde (LET) á athnuachan ag an Aontas, tá sé ríthábhachtach ról na ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha a aithint, mar úsáideoirí agus mar tháirgeoirí taighde ardleibhéil araon. Tá ríthábhacht le sineirgí taighde-gnó láidre a bheith ar bun má tá rath le bheith ar na héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha, na moil eolais, na gorranna gnólachtaí nuathionscanta agus na braislí tionscail. D'fhéadfadh sé a bheith tairbheach meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais oibríochtúla na ngorlann nuathionscanta rathúil laistigh de na hinstiúidí ardoideachais chun straitéisí rathúla a chomhroinnt.

7.4. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé fiontair nuálacha, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, a chumasú chun rochtain a fháil ar bhonneagar ardleibhéil taighde agus teicneolaíochta amhail sár-ríomhairí agus monarchana IS, mar aon le creatáil rialála saincheaptha. Bonneagar digiteach iontaofa, rochtain shlán ar thacair mhóra sonraí, fuinneamh glan agus amhábhair chriticiúla, is gnéithe ríthábhachtacha iad sin de na timpeallachtaí iomaíocha teicneolaíochta ardfheidhmíochta.

7.5. Naisc agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta sa taighde agus sa teicneolaíocht, cuireann siad sin borradh faoin mbarr feabhais san Aontas. San am céanna, is gá slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla fhiontair an Aontais a chosaint.

7.6. De bhreis ar dhálaí fabhracha nuálaíochta, teastaíonn tacaíocht shaincheaptha ó fhiontair chun táirgí a thráchtáil. Ní mór iarrachtaí sonracha a dhéanamh chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar chomhar sna héiceachórais ghnó, agus d'fhéadfadh an Líonra Corparáideach Eorpach atá beartaithe deiseanna luachmhara comhoibrithe a chur ar fáil. Aithníonn CESE an ról fadréimseach atá ag eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta⁽¹²⁾ maidir le teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus seach-chuideachtaí gaolmhara a ghiniúint, agus, ar an taobh eile, maidir le caoi a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta comhoibriú le comhpháirtithe tionsclaíocha, sin agus tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh iontráil sa mhargadh.

7.7. Ó thaobh eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí cur chun cinn trádála de, is cuidiú iad le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú fás agus margáí nua a bhaint amach, e.g. trí sheirbhísí agus faisnéis a sholáthar maidir le dálaí gnó agus éileamh i margáí eachtracha. Cé go bhfuil an margadh aonair ríthábhachtach ionas gur féidir uas-scálú a dhéanamh laistigh den Aontas, tá comhaontuithe trádála agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ríthábhachtach chun cabhrú le huas-scálú chuig margáí domhanda.

7.8. Is féidir go nglacfar níos tapúla sa mhargadh le nuálaíochtaí i ngnólachtaí nuathionscanta agus i ngnólachtaí atá ag méadú ach tosaíocht a thabhairt sa chóras soláthair phoiblí do tháirgí agus réitigh nuálacha, agus critéir thrédhearcacha á n-úsáid chun iomaíocht chóir a áirithiú.

An Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2025.

Uachtarán

Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

⁽¹²⁾ <https://www.earto.eu>.